

Déanann EUSPA ceiliúradh ar na chéad 365 lá dá shaol le seirbhísí nua, le níos mó úsáideoirí agus le satailít nua Galileo i seirbhís!

EUSPA/PR/22/05 Prág, 12/05/2022

Ó cruthaíodh í, tá Gníomhaireacht an AE um Chlár Spáis (EUSPA) ag cur leis an rochtain ar shonraí agus ar sheirbhísí spáis an AE, ní hamháin san Eoraip, ach ar fud an domhain. Agus satailít nua Galileo in Orbit, go leor seirbhísí satnav i bhfeidhm agus go leor seirbhísí nua ar bun, is eiseamláir é céad bhliain EUSPA dá mhisean spás a nascadh le riachtanais úsáideoirí.

Trí Rialachán AE maidir leis an Spás a bheith glactha ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag Parlaimint na hEorpa, tá an tAontas Eorpach ar bhealach nua maidir leis an spás. Agus dhá chóras úrscothacha um loingseoireacht satailíte i bhfeidhm, mar atá Galileo agus EGNOS, an córas is fearr ar domhan um Fhaire na Cruinne (EO), Copernicus agus GOVSATCOM atá le teacht, is féidir leis an Aontas Eorpach aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an geilleagar digiteach a chur chun cinn, agus ceannasacht an Aontais á háirithiú ag an am céanna.

Tá córais loingseoireachta satailíte na hEorpa á n-oibriú ag EUSPA, mar atá Galileo agus EGNOS. Ina theannta sin, is é EUSPA an geatóir chuig Clár Spáis slán an AE, rud a thugann muinín d'úsáideoirí deiridh go bhfuil na sonraí a thagann ón spás a mbíonn siad ag brath orthu slán sábháilte. Tá ról lárnach ag an ngníomhaireacht maidir le glacadh margaidh na sonraí agus na seirbhísí arna gcur ar fáil ag comhpháirteanna Chlár Spáis an AE. Ina theannta sin, tá bainistiú á dhéanamh ag EUSPA ar fhorbairt na Mol GOVSATCOM, lena gcuirfear ar fáil inniúlachtaí cumarsáide atá slán agus cost-éifeachtúil do mhisin, d'oibríochtaí agus do bhonneagar rialtais atá ríthábhachtach ó thaobh na slándála de agus ó thaobh na sábháilteachta de.

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhliain ó bunaíodh í, déanann EUSPA machnamh ar an méid atá bainte amach aici go dtí seo:

- Tá dhá sheirbhís nua cheannródaíochta i bhfeidhm: Seirbhís Ardchruinnis agus OSNMA Galileo
- Teacht [i seirbhís satailít nua Galileo](#) ar mhaithe le cruinneas breise a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh
- Foilsiú na [tuarascála Margaidh EO agus GNSS](#), ar staidéar cuimsitheach ar fhaisnéis faoin margadh í a sholáthraíonn treochtaí d'fhiontraithe agus d'infheisteoirí araon.
- [3.1 billiún fón cliste cumasaithe do Galileo](#)-díolta ar fud an domhain ó 2016 i leith

“Tá mé an-bhródúil ar fad as a bhfuil bainte amach ag EUSPA taobh istigh de bhliain. Tá bród orm freisin a bheith i gceannas ar eagraíocht ina n-oibríonn gairmithe tiomnaithe a bhíonn dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil agus a oibríonn chun rochtain ar spás an AE a chur ar fáil do shaoránaigh,” a deir Rodrigo da Costa, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA. “Tá EUSPA tiomanta i gcónaí do chabhrú leis an Aontas agus lena shaoránaigh tairbhí socheachnamaíochta an spáis a uasmhéadú.”

[Léigh tuilleadh anseo](#)

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtálú sonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Le tuilleadh faisnéise a fháil:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA: Marie.Menard@euspa.europa.eu
Teil.: +420 237 766 627 - Fón póca: +420 602 619 776